Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Aibreán 2024
(OR. en)

8702/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0065(NLE)**

**TRANS 196**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 7810/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 58ú seisiún den Choiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród i ndáil leis an leasú ar Aguisín C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród<br>– Glacadh |

1. An 13 Márta 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite. Is é is aidhm don togra tacú, i gCoiste Saineolaithe um Iompar Earraí Contúirteacha na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród, le formheas leasuithe teicniúla áirithe ar na Rialacháin maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), ar leasuithe iad a fhoirmíonn Aguisín C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród.

2. Beartaítear leasuithe den chineál sin a dhéanamh gach 2 bhliain chun na rialacha atá i bhfeidhm a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise aon dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch; is toradh iad ar chomhordú casta idirnáisiúnta lena mbaineann saineolaithe ó fhóraim idirnáisiúnta eile a dhéileálann le hiompar de bhóthar agus le hiompar ar uiscebhealaí intíre.

3. Beidh an 58ú seisiún den Choiste Saineolaithe ar siúl i mBeirn na hEilvéise an 23 Bealtaine 2024. Tiocfaidh na rialacha atá le glacadh ag an gcruinniú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

4. Ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Márta 2024, scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra a thíolaic an Coimisiún agus d'fhormhuinigh sí é.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 7991/24 é, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, agus aguisín 1 a ghabhann leis, a fhormheas agus a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh.

6. A luaithe a ghlacfar é, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.